**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D


**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**



**hEo- cairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach**
**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***



**Oilithreacht na Deoise go Lourdes**
**29 Meitheamh 2026**

Féach **Clár na bhFógraí.**
Óstán €995 pps.
Airithintí/Eolas: Joe Walsh Tours,
Fón:01-2410800

**Foirmeacha ar fáil Oifig an Pharóiste**



Ce go ndeir muid gur Críostaithe muid, meabhraíonn féile na Tríonóide Ró-Naofa dúinn go bhfuil níos mó i gceist sa gCríostaíocht ná Íosa Críost a leanacht inár saol.

Díríonn muid isteach ar an gCré inniu agus í ag cur in iúl i bhfocail go gcreideann muid i nDia ina Thríonóid - rud atá difriúil ó na daoine eile a chreideann in aon Dia amháin (Moslamaigh & Iúdaigh).

Ag caint faoin gCré, scríobh Nicholas Nash (*Believing Three Ways in the One God*): *"What scripture contains at length the creed says in short"* - é sin atá sna scrioptúir ar fhad faoi Dhia, deir an Chré i gcúpla focal; is achoimre í; tá bunbhrí an chreidimh ar fáil inti.

Meabhraíonn an Chré ina trí cuid go gcreideann muid -

- i nDia an tAthair, an Cruthaitheoir 'a rinne neamh agus talamh….';
- i nDia an Mac, Íosa Críost an Slánaitheoir a tháinig inár measc - 'Ionchollaíodh é' - mar gur "ghráigh Dia an domhan chomh mór sin".
- i nDia an Spiorad Naomh, Bronntóir na beatha, 'an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.'

Is é sin an fáth go dtugann muid glóir do Dhia ina Thríonóid inniu agus i gcónaí, agus go nguíonn muid chun an Athar, tríd an Mac agus ins an Spiorad Naomh.




# Paróiste An Spidéil
## Domhnach na Tríonóide Ró-Naofa
### 30ú/31ú Bealtaine 2026


An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745
***Ríomhphost:*** **cilleinde@outlook.ie Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00**


## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ⌖ *Cill Éinde, An Spidéal*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 31ú | 11.00r.n. | Mary B.Flaherty | *Seanaghurráin/Boston* |
| Dé Céadaoin | 3ú | 10.00r.n. | | |
| Déardaoin | 4ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* | |
| Dé hAoine | 5ú | 10.00r.n. | Intinn Spesialta | |
| Dé Domhnaigh | 7ú | 11:00r.n. | Michael Thornton **Céad Cuimhneacháin,** a mhac Michael, iníon Áine agus muintir ar fad.<br>Charlie Lennon **2ú Cuimhneacháin**<br>Maime Bn. Uí Fhlátharta (**Cuimhneacháin a 100 breithlae**)<br>Dónal & Maura O'Flynn<br>Pádraic Ó Coistealbha | *Baile Éamoinn*<br>*Cnocán Glas*<br>*Seanaghurráin/Boston*<br>*Corcaigh*<br>*Baile an Domhnallán* |

### ⌖ *Cill Treasa, Ros a'Mhíl.*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 30ú | 6.30i.n.. | Pádraig Ó Séaghdha **4ú Cuimhneacháin** a mhuintir Tadhg & Nóra & dearthháir céile Malachy Ó hAilpín & Ruth Houlihan | *Ros a'Mhíl & B.A.C.* |
| Dé Sathairn | 6ú | 6:30i.n. | Paddy Joe O'Halloran **Céad Cuimhneacháin**<br>Kay Mc Keown **2ú Cuimhneacháin**, fear céile Peter & mac Brendan<br>Séamus Ó Fiannachta , a mhuintir Máirtín & Méim & a dheirfúir Máirín | *InisBoffin/Clochán*<br>*Ros a'Mhíl*<br>*Gleann Treasna* |

### ⌖ *Cill Mhuire, Na Minna*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 31ú | 9:30am | Julia, Michael & Jim Sullivan | *Minna* |
| Dé Domhnaigh | 7ú | 9:30am | Colm Ó Donnchadha | *Cnoc Carrach, Minna* |

**Loinneog don Iontróid**
Moladh le Dia an tAthair, le hAonMhac Dé, agus leis an Spiorad Naomh, mar rinne sé trócaire orainn.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire; a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Athair naofa, sheol tú do Bhriathar chugainn leis an bhfírinne, agus do Spiorad leis an naofacht, agus nocht tú rún do bheatha tríothu. Múin dúinn ár saol a chaitheamh de réir ár gcreidimh ionat, a aon Dia i dtrí pearsana, agus an t-ómós is dual a thabhairt duit. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Exodus – 34:4-6, 8-9*
Go luath ar maidin ghabh Maois faoi Shliabh Sínai suas leis an dá leac cloiche ina lámha faoi mar a d'ordaigh an Tiarna dó. Tháinig an Tiarna anuas i bhfoirm scamaill, agus sheas Maois ansiúd in éineacht leis.
Ghlaoigh sé ar ainm an Tiarna. Ghabh an Tiarna thar bráid os a chomhair agus d'fhógair sé: 'An Tiarna, an Tiarna, Dia na cineáltachta agus na trócaire, is mall é chun feirge, is lán é de chneastacht agus de dhílseacht.' Shléacht Maois go talamh gan mhoill ag adhradh agus dúirt: 'Má fuair mé fabhar i do láthair, a Thiarna, tagadh mo Thiarna in éineacht linn, achainím ort, fág gur ceanndána an pobal iad, ach maith dúinn ár gcionta agus ár bpeacaí, agus glac linn mar oidhreacht agat.' *Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Dan 3:52-56
*Fr: Le moladh agus le glóiriú de shíor.*

1. Is beannaithe thú, a Thiarna, Dia ár n-aithreacha,
le moladh agus le glóiriú de shíor.
Is beannaithe é do naomhainm uasal,
le moladh agus le glóiriú de shíor. *(Fr)*
2. Is beannaithe thú i dteampall do naomhghlóire,
le móradh agus le mórghlóiriú go deo. *(Fr)*
3. Is beannaithe thú i gcathaoir ríoga do fhlaithis,
le móradh agus le morghlóiriú de shíor. *(Fr)*
4. Is beananithe thú ag iniúchadh na ndubhaigéan,
le moladh go hard agus le móradh go deo. *(Fr)*
5. Is beannaithe thú i bhfirmimint neimhe,
le hadhmholadh agus le mórghlóiriú go deo. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as dara litir N Pól chuig na Coirintigh* 13:11-13
Slán agaibh, a bhráithre. Ceartaígí bhur mbéasa; déanaigí rud orainne. Bígí ar aon intinn agus go síochánta le chéile agus beidh Dia an ghrá agus na síochána faraibh. Tugaigí póg an mhuintearais dá chéile. Cuireann na Críostaithe uile a mbeannacht chugaibh.
Grásta an Tiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
Glóir don Athair, don Mhac agus don Spioraid naomh,
do Dhia, an té atá, a bhí agus atá le teacht.
**Alleluia!**

**Soiscéal**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin – 3:16-18*
Dúirt Íosa le Nícodémas:
'Ghráigh Dia an domhan chomh mór sin gur thug sé a Aonghin Mic uaidh i dtreo gach duine a chreideann ann, nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha shíoraí aige.
Óir ní chun daorbhreith a thabhairt ar an saol a chuir Dia a Mhac uaidh ar an saol ach chun go slánófaí an saol tríd.
An té a chreideann ann ní thabharfar daorbhreith air, ach an té nach gcreideann ann, tá daorbhreith tugtha air cheana féin, mar nár chreid sé in ainm Mhac Dé, a Aonghin.'
*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**
A Dhia dhílis, coisric na tabhartais seo le cumhacht d'ainm, agus déan íobairt bhuan dínn féin dá mbarr. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

*Rúndiamhair an chreidimh :* **Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.**

**An Comaoineach**

**Iarchomaoineach**
A Thiarna Dia, dearbhaímid ár gcreideamh ionat, mar aon Dia amháin i dtrí pearsana. Go dté ár gcreideamh sa rúndiamhair seo agus an chomhaoineach a ghlacamar chun tairbhe dúinn idir chorp agus anam. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**
Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**



**Meitheamh, Mí Chroí Rónaofa Íosa**
D'iarr Íosa deabhóid dá chroí orainn trí Naomh Mairéad Máire. Thaispeáin sé íomhá a chroí di: lasrachaí grá ag teacht óna chroí; comhartha na páise air. Bhíodh an pictiúr sin i chuile teach agus lampa dearg ar lasadh os a chomhair, an teach 's a mhuintir coisrichte do Chroí Íosa. An teach agus an teaghlach faoina chúram agus faoina chosaint - sin an gealltanas ó Íosa do gach teach a raibh íomha a Chroí ar teaspáint ann.